Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13185/22

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2022/0300(NLE)**
**2022/0301(NLE)**

FRONT 351
COWEB 106
MIGR 287

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12793/22 + ADD 1; 12794/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Macadóine Thuaidh<br>– glacadh<br>Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Macadóine Thuaidh<br>– iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 29 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú stádais idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Macadóine Thuaidh maidir le gníomhaíochtaí oibríochtúla a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i bPoblacht na Macadóine Thuaidh.

2. Is é cuspóir an Chomhaontaithe, ar bhonn Airteagal 73(3) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624[1], údarú a thabhairt don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta foirne bainistithe teorann a imscaradh ón mbuanchór sa Mhacadóin Thuaidh.

3. Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil trí inisealacha a chur leis an dréacht-chomhaontú stádais a rinne an Coimisiún agus an Mhacadóin Thuaidh. An 23 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Macadóine Thuaidh, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe[2]. Dhearbhaigh na toscaireachtaí go n-aontaíonn siad leis na tograí ag cruinniú de Chomhairleoirí CGB (Frontiers) a bhí ar siúl an 29 Meán Fómhair 2022.

4. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[3]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Cinneadh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an gCinneadh seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

6. Ba cheart an Comhaontú a shíniú agus an dearbhú comhpháirteach atá i gceangal leis seo a fhormheas.

---

1 IO L 295, 14.11.2019, lch. 1.
2 12793/22 +ADD 1 agus 12794/22 +ADD 1.
3 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

7. Dá bhrí sin, moltar do Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, ag seisiún a bheidh aici amach anseo:

   a) an Cinneadh lena n-údaraítear síniú an Chomhaontaithe a ghlacadh mar ítim 'A'. Leagtar amach téacs an Chinnidh, agus an dearbhú comhpháirteach ag gabháil leis, agus téacs an Chomhaontaithe, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu, in 12894/22 agus 12896/22 faoi seach;

   b) a chinneadh go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuasluaite san Iris Oifigiúil;

   c) a chinneadh an dréacht-Chinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 12895/22 é agus ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

8. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus seolfar an cinneadh maidir le síniú chuig an bParlaimint.